

Ról an Ordaitheora Oidís, Altrachta nó Mná Glúine, atá ag tabhairt aire duit



Bileog eolais othair agus Úsáideoirí Seirbhíse

Réamhrá

De bharr athruithe a thug Rialtas na hÉireann isteach i mí Bealtaine 2007 is féidir le gach altra agus bean glúine tabhairt faoi chúrsa oideachais a ullmhóidh iad le hoideas a scríobh le haghaidh drugaí áirithe. Roimhe seo, ní fhéadfadh éinne oideas a scríobh ach amháin Dochtúirí, Fiaclóirí nó Tréidlianna.

Tá eolas faoin bhforbairt seo, sa mbileog seo.

Ceist 1: Céard is ciall le haltra agus bean glúine a bheith ag scríobh oideas?

Is féidir le roinnt altraí agus mná glúine cláraithe a bhfuil cáilíochtaí ar leith acu oideas a scríobh anois i leith réimse drugaí aontaithe de bharr athrú sa dlí. Tháinig an córas nua i bhfeidhm i mí Bealtaine 2007 agus dá bharr beidh altraí agus mná glúine ábalta seirbhís níos iomláine a chur ar fáil ná mar a bhí cheana.

Ceist 2: Cén t-ainm a thugtar ar an ordaitheoir oidis altrachta nó mná glúine?

Tugtar Ordaitheoir Altrachta Cláraithe ar altra nó bean glúine a bhfuil cead acu ordú oidis a scríobh. (RNP).

Ceist 3: An féidir le gach altra agus bean glúine oideas a scríobh?

Ní féidir.

Ní féidir le haltra nó le bean glúine oideas a scríobh ach amháin iad siúd

- a thuill pas sa chúrsa coláiste i scríobh oidis d'altraí/ do mhná glúine
- A bhfuil níos mó ná trí bliana de thaithí altrachta nó mná glúine acu
- atá cláraithe leis an mBord Altranais mar Ordaitheoir cláraithe Altrachta

Ceist 4: Cad iad na drugaí a bhfuil cead ag an altra nó ag an mbean glúine oideas a scríobh ina leith?

Is féidir leis an altra nó leis an mbean glúine oideas a scríobh i leith drugaí a bhaineann lena réimse oibre amháin. Aontaítear liosta na ndrugaí idir an altra nó an bhean glúine, a bhfostaitheoir agus do dhochtúir.



Ceist 5: Cén bhuntáiste atá ann domsa?

Beidh an altra nó an bhean glúine in ann oideas a scríobh láithreach agus d'fhéadfadh sé seo an t-am a mbeidh tú ag fanacht le tosú ar an gcúrsa leighis a laghdú.

Ceist 6: Céard is féidir liomsa a dhéanamh?

Déan cinnte de go dtugann tú na cógais atá á dtógáil agat faoi láthair leat, nuair a théann tú go dtí an ospidéal nó an clinic agus beidh an altra nó an bhean glúine ábalta do riachtanais a mheas agus aon athrú i do chóireáil a mhíniú duit.

Ceist 7: Cén chaoi a mbeidh a fhios agam go bhfuil an altra nó an bhean glúine ábalta oideas a scríobh?

Coinníonn an Bord Altranais taifead oifigiúil de gach RNP. Is féidir leat a dheimhniú go bhfuil altra nó bean glúine ainmnithe mar Ordaitheoir Cógais Altrachta cláraithe trí:

- glaoch a chur ar ionad glaonna an Bhoird Altranais ag 1890 200116
- breathnú ar an suíomh www.nursingboard.ie agus cliceáil ar na nodanna 'check the register', ar bharr an leathanaigh baile agus ansin lean na treoracha.

Ceist 8: Cá bhfuil níos mó eolais le fáil?

Má bhíonn tuilleadh eolais uait faoi aon rud nó muna bhfuil tú sásta faoi aon rud is féidir leat labhairt leis an bhfoireann altrachta, dochtúirí, cógaiseoirí nó ball foirne eile a chabhróidh leat.

Is féidir eolas a fháil freisin ar na suímh idirlíon seo a leanas:

- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, www.hse.ie
- An Bord Altranais, www.nursingboard.ie

© Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Samhain 2008

Oifig Stiúrthóir na Seirbhíse Altrachta
Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Ospidéal Dr Stevens'
Baile Átha Cliath 8

Teileafóin: +353 1 6352471

R-phost: nursing.services@hse.ie

<http://www.hse.ie>



Oifig Stiúrthóir
na Seirbhíse Altrachta